Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Feabhra 2022**
**(OR. en)**

**6080/22**

**AGRI 44**
**AGRIORG 10**
**AGRIFIN 9**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Coiste Speisialta um Thalmhaíocht/ an Chomhairle |
| Ábhar: | Na sonraí is déanaí ar staid an mhargaidh talmhaíochta |

Chun cúlra a chur ar fáil don phlé ag an gcruinniú den Chomhairle an 21 Feabhra 2022, gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn na sonraí is déanaí ar staid an mhargaidh talmhaíochta.

### Staid an mhargaidh talmhaíochta

1. Le linn na dtrí sheisiún dheireanacha de Chomhairle AGRIFISH, tharraing na toscaireachtaí aird ar na héifeachtaí diúltacha a bhaineann le costais ionchuir mhéadaitheacha ar chorrlaigh feirmeoirí in earnálacha na n-ainmhithe (costais bheatha, fuinneamh etc.) agus in earnálacha na mbarr (leasaitheoirí, fuinneamh etc.), agus chuir siad chun suntais gur gá súil ghéar a choimeád ar chúrsaí, go háirithe a mhéid a bhaineann le **costas na n-ionchur talmhaíochta** agus le **staid earnáil na muiceola.** Chuige sin, déantar achoimre thíos ar na sonraí is déanaí ar an dá shaincheist sin agus chun tagairt dóibh a éascú cuirtear iad i láthair chomh maith sna táblaí agus sna graif san Iarscríbhinn[1]. Áirítear freisin cur síos gairid ar an staid i dtaobh an dá earnáil eile ar fiú aird a thabhairt orthu faoi láthair, i.e. **gránaigh** agus **torthaí agus glasraí.**

2. A mhéid a bhaineann le **costais fuinnimh**, is dealraitheach gur ábhar mór imní é sin go fóill. I mí Eanáir 2022, lean meánphraghsanna domhanda ar tháirgí fuinnimh amhail amhola agus gás nádúrtha de bheith ag leibhéil an-ard.

3. I gcomparáid le ráithe dheireanach 2020, nuair a bhí praghsanna ola cuíosach íseal, bhí costas an amhola os cionn 90 % níos airde agus, go sonrach, bhí ardú breise tuairim is 15 % ann i gcomparáid le mí na Nollag 2021, agus leibhéil á mbaint amach nach bhfacthas ó 2014.

4. Lean costas an gháis nádúrtha de bheith an-ard freisin go luath in 2022. Bhí praghsanna Eorpacha ag leibhéal a bhí 379 % níos airde i gcomparáid leis an ráithe dheireanach in 2020, rud a thugann le fios go raibh ardú ann a bhí níos mó ná ceithre huaire níos airde ná amhola. Mar sin féin, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur thit na praghsanna i mí Eanáir 2022, titim 26 % i gcomparáid le praghsanna na míosa roimhe sin nuair a shroich siad buaicleibhéal a bhí 544 % níos airde ná meánráta ráithe dheireanach 2020. Neosfaidh an aimsir an leanfaidh an titim sin nó an socróidh sé, i bhfianaise na héiginnteachta a bhaineann le patrúin soláthair agus éilimh.

[1] Tiomsaithe le sonraí ó shraith sonraí praghsanna tráchtearraí an Bhainc Dhomhanda i ndáil le fuinneamh agus leasacháin agus le faisnéis a áirítear i ndeais sheachtainiúil an Choimisiúin Eorpaigh maidir le hearnáil na muiceola.

5. A mhéid a bhaineann le **costais leasacháin**, is léir an t-ardú ar phraghsanna domhanda ansin chomh maith. I gcomparáid le ráithe dheireanach na bliana 2020, lean praghsanna an chuid is mó de na leasacháin de bheith i bhfad níos airde arís i mí Eanáir 2022. Go háirithe, bhí praghsanna úiré, leasachán nítrigineach soladach a bhfuil gás ina ionchur tábhachtach de, 245 % os cionn phraghsanna ráithe dheireanach 2020. Tháinig ardú 111 % ar phraghsanna na carraige fosfáite.

6. Mar sin féin, is ábhar misnigh é gur tháinig laghdú beag ar phraghsanna leasachán, i gcomparáid le mí na Nollag 2021. Tá sé le tuiscint ó na sonraí sa tábla atá i gceangal leis seo go bhféadfadh sé gur baineadh an buaicleibhéal amach ag deireadh 2021 ach neosfaidh an aimsir.

7. Maidir le staid **earnáil na muiceola**, déantar achoimre ar an bhfaisnéis is déanaí sa dá ghraf agus sa tábla san Iarscríbhinn. A mhéid a bhaineann le praghsanna conablach muc san Aontas, ní dhearnadh ach mionathruithe suas síos tar éis an mhionardaithe a chonacthas i lár mhí na Nollag 2021. Níl aon treocht shoiléir le feiceáil. Thit corrlaigh táirgeoirí a thuilleadh ar fud na hEorpa. Tháinig ardú beag ar phraghsanna banbh i gcomhréir leis an treocht shéasúrach ach tá siad fós 13-14 % níos ísle ná mar a bhí bliain ó shin. Tá an comhardú trádála dearfach, agus onnmhairithe arda ann, ach tá an treocht a bhí ag dul in airde stoptha.

8. I gcás táirgí eile ainmhithe, tá cúrsaí i bhfad níos fearr, agus buaicphraghsanna scroichte. Tá an dainséar ag teacht ón mborradh mór ar chostais shuaite ionchuir as a dtagann laghdú suntasach ar chorrlaigh.

9. Maidir le **staid an mhargaidh gránaigh**, cé go bhfuil an táirgeadh cruithneachta domhanda 2021/22 (+ 0.1 % ó bhliain go bliain) ag buaicleibhéal, tá na soláthairtí cuíosach gann, go háirithe i gcás cineálacha cruithneachta ar ardchaighdeán. Tá gluaiseachtaí praghsanna suaite go leor agus an t-éileamh domhanda láidir san am céanna. Tá praghsanna tagarmhairc onnmhairiúcháin cruithneachta tuairim is 10-12 % níos airde ná mar a bhí bliain ó shin, ach tháinig laghdú beag orthu le déanaí don Aontas agus do réigiún na Mara Duibhe. Meastar táirgeadh arbhair Indiaigh chomh maith a bheith ag buaicleibhéal (+7.3 % b/b) agus ceaptar go bhfuil soláthairtí níos flúirsí ná mar atá i gcás cruithneachta. Mar sin féin, tá roinnt míonna fós ann sula mbainfear aon fhómhar i Meiriceá Theas, áit a bhfuil ionchais laghdaithe barr de dheasca dálaí fáis te agus tirim. Is dealraitheach gur in olcas atá cúrsaí ag dul san Airgintín agus sa Bhrasaíl agus praghsanna arbhair Indiaigh imithe tuairim is 5-7 % níos airde le linn na míosa seo caite. Tá imní ann i dtaobh táirgeadh pónairí soighe mar gheall ar dhálaí fáis neamhfhabhrach i Meiriceá Theas. Le déanaí, d'ísligh mór-réamhaisnéiseoirí réamh-mheastacháin go géar (-0.7 % b/b) rud a léiríonn go bhfuiltear ag súil le barra níos lú anois, san Airgintín, sa Bhrasaíl agus i bParagua. Lean praghsanna orthu ag dul in airde agus tá siad tuairim is 15-20 % níos airde bliain i ndiaidh bliana.

10. Dála **earnáil na dtorthaí agus na nglasraí,** is ábhar imní é tionchar thoirmeasc na Bealarúise le déanaí ó tharla go bhfuil barr úll cuíosach ard ag an Aontas i mbliana. Níl aon staidreamh oifigiúil trádála ar fáil go fóill do mhí Eanáir 2022, ach is iad na chéad tásca maidir le méid onnmhairiúcháin chuig an mBealarúis ar eochairtháirgí sainaitheanta, i gcás úll, méid iomlán measta 1K tona i mí Eanáir 2022 (*vs*. 15K tona in Eanáir 2021) agus, i gcás piorraí, 8K tona (*vs*. 14K tona in Eanáir 2021). Dála úll, sna chéad sonraí a chuir earnáil úll na Polainne ar fáil do mhí Eanáir, ní fheictear aon onnmhairí chuig an mBealarúis, tá athrú páirteach i dtreo na hÉigipte agus laghdú iomlán 7K tona ar onnmhairí iomlána. Tháinig feabhas beag ar phraghsanna úll sa Pholainn i mí Eanáir (EUR 32 cent in aghaidh an kg, 4 % os cionn an mheáin thar 5 bliana), ach tá staid an mhargaidh leochaileach, i bhfianaise na stoc mór úll sa Pholainn, na hardphraghsanna fuinnimh agus stair na bpraghsanna mar gheall ar luaineacht sách tábhachtach.

| PRAGHSANNA DOMHANDA IONCHUIR FUINNIMH AGUS LEASACHÁN EANÁIR 2022 | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Táirge | An meán don 4ú ráithe 2020 | An meán NOLLAIG 2021 | An meán EANÁIR 2022 | Athrú EANÁIR 2022 vs R4 2020 | Athrú EANÁIR 2022 vs NOLLAIG 2021 |
| **FUINNEAMH** | | | | | |
| Amhola, Brent (USD/bbl) | 44,5 | 74,3 | 85,5 | 92,1% | 15,1% |
| Gás nádurtha, an Eoraip (USD/bbl) | 5,9 | 38,0 | 28,3 | 379,0% | -25,6% |
| Gás nádurha, SAM (USD/mmbtu) | 2,5 | 3,7 | 4,3 | 76,0% | 17,0% |
| **LEASACHÁIN** | | | | | |
| Carraig fosfáite (USD/mt) | 81,9 | 176,7 | 173,1 | 111,4% | -2,0% |
| Fosfáit dé-amóiniam (USD/mt) | 368,4 | 745,0 | 699,4 | 89,8% | -6,1% |
| Clóiríd photaisiam (USD/mt) | 202,5 | 221,0 | 221,0 | 9,1% | 0,0% |
| Sárfhosfáit triarach (USD/mt) | 300,8 | 687,7 | 676,3 | 124,8% | -1,7% |
| Úiré (USD/mt) | 245,0 | 890,0 | 846,3 | 245,4% | -4,9% |

*Tiomsaíodh an tábla seo le sonraí mhí Feabhra ó shraith sonraí praghsanna tráchtearraí an Bhainc Dhomhanda.*


**Staid phraghas earnáil na muiceola i seachtainí 4 agus 5 de 2022**

| Grúpa táirgí | Seachtain 4 2022 | | | | Seachtain 5 2022 | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Athrú % ó | | | | Athrú % ó | | |
| | praghasanna AE | an tseachtain seo caite | an mhí seo caite | an bhliain seo caite | praghasanna AE | an tseachtain seo caite | an mhí seo caite | an bhliain seo caite |
| Na meán (S-E) | 132.9 | -0.5% | -0.2% | +0.7% | 133.0 | +0.1% | -0.3% | +0.7% |
| Aicme S | 134.1 | -0.3% | +0.2% | +0.2% | 134.5 | +0.3% | +0.3% | +0.4% |
| Aicme E | 130.4 | -0.9% | -0.9% | +1.9% | 130.0 | -0.3% | -1.7% | +1.2% |
| Banbh | 35.5 | +0.8% | +5.0% | -12.8% | 35.8 | +0.8% | +4.6% | -14.3% |

*EUR/100KG MEÁCHAN AN CHONABLAIGH; EUR/AN BANBH

Foinse: MSs (Teachtaireacht seachtainiúil faoi Rial. 2017/1185

Mar a d'athraigh praghsanna conablach muc san Aontas (€/100kg)




Mar a d'athraigh meánphraghas banbh san Aontas (€/an ceann)

